

Aighneacht

Comhairliúchán Forbairt Pháirc Mharlaí

Lúnasa 2018

CÚLRA:

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann.

Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.

Tá 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.

INTREOIR

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur isteach maidir le Comhairliúchán d'fhorbairt Páirc Mharlaí.

Tá ról tábhachtach ag Páirc Mharlaí ag cur le himeachtaí sóisialta sa cheantar áitiúil i nDún Laoghaire agus Ráth an Dúin. Mar go bhfuil pobal láidir Gaeilge sa cheantar (39.63% den daonra sa cheantar de réir daonaireamh 2016) is fiú an Ghaeilge a thógáil san áireamh in aon forbairtí ar seo amach.

COMHARTHAÍOCHT

- Gach comhartha a bheith dátheangach leis an nGaeilge ar bharr agus an cló ar an méad céanna leis an mBéarla (d'fhéadfaí idirdhealú a dhéanamh idir an dá theanga le dathanna).

IMEACHTAÍ

- Imeachtaí Gaeilge a eagrú sa pháirc mar chuid de na himeachtaí oifigiúil eagraithe ann gach bliain

- Tacaíocht a thabhairt do Pop Up na n-Óg a eagraítear sa pháirc go rialta
- Cinntiú go bhfuil freastail ar pháistí le Gaeilge nuair a eagraítear imeachtaí ar nós Daidí na Nollaig nó eile

FÓGRAÍOCHT

- Cinntiú go mbeidh fógraíocht dátheagach déanta maidir le himeachtaí agus seirbhísí curtha ar fáil sa pháirc

CONCLÚID

Tá Conradh na Gaeilge sásta an aighneacht seo agus na moltaí atá istigh ann a phlé le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ag am ar bith.